

## **DEARBHÚ MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ– PIRLS 2021 SUIRBHÉ LUATHFHOGHLAMA AGUS CEISTNEOIR DALTAÍ**

### **Aithint agus sonraí teagmhála na rialtóirí:**

An Foras Taighde ar Oideachas  
OCBÁC Campas Naomh Pádraig  
Bóthar Dhroim Conrach Uachtarach  
Áth Cliath 9  
Éire  
Guthán: +353 1 837 3789  
Ríomhphost: [pirls.ireland@erc.ie](mailto:pirls.ireland@erc.ie)

agus

IEA  
Keizersgracht 311  
1016 EE Amstardam  
An Ísiltír  
Guthán: +31 20 625 3625  
Ríomhphost: [secretariat@iea.nl](mailto:secretariat@iea.nl)

### **Cén fáth go mbailítear agus go bpróiseáiltear sonraí?**

Úsáidfeá na sonraí a bhaileofar le linn an Staidéir ar Dhul Chun Cinn sa Lítearthacht Léitheoireachta Idirnáisiúnta (PIRLS 2021) go heisiach do chuspóirí eolaíochta. Is tionscadal taighde oideachais é PIRLS atá urraithe ag an gCumann Idirnáisiúnta um Meastóireacht ar Ghnóthachtáil Oideachais (IEA). Is é An Foras Taighde ar Oideachas (FTO) a riarann PIRLS in Éirinn ar iarratas, agus thar ceann, na Roinne Oideachais. Tá sé seo de réir ceann de na feidhmeanna ("measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh ar leibhéal ghnóthachtála agus ar ghnóthachtáil acadúil daltaí agus measúnuithe dá leithéid sin a thuairisciú don Aire") atá leagtha amach in Ordú Bunaíochta an FTO mar chomhlacht reachtúil (is féidir é a léamh go hiomlán ag: <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/si/392/made/ga/print>). Tá bonn dlíthiúil an FTO maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil de réir Airteagal 6 de Rialachán Ginearálta an AE maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), "tasc a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údarais oifigiúil atá dílsithe sa rialtóir".

### **Cén t-eolas a iarrtar?**

Tugtar cuireadh do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí daltaí Rang a Cúig sna scoileanna rannpháirteacha Suirbhé Luathfhoghlama PIRLS 2021 a chomhlánú chun faisnéis a sholáthar don staidéar faoi ghníomhaíochtaí luathfhoghlama agus teanga(cha) a labhraítear sa bhaile, slí bheatha agus cúlra oideachais na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, tír bhreithe na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, cúlra oideachais na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, acmhainní baile, tionchair phaindéim COVID-19 ar oideachas an dalta agus ar thuairimí faoin léitheoireacht, oideachas an linbh agus an scoil.

Iarrtar ar na daltaí sna scoileanna rannpháirteacha an Ceistneoir Dalta PIRLS 2021 a chomhlánú chun faisnéis a sholáthar don staidéar faoi inscne, aois, acmhainní baile, teanga(cha) a labhraítear sa bhaile, agus tuairimí maidir le timpeallacht na scoile, tuiscint ar muintearas ar scoil, ceachtanna litearthachta, úsáid na teicneolaíochta, agus foghlaim le linn dhúnadh scoileanna COVID-19 in 2020.

- (Lena dheimhniú go bhfuil PIRLS bunaithe ar shamplaí daltaí agus scoileanna a roghnaíodh go heolaíoch, táthar ag súil go gcomhoibreoidh scoileanna le riar PIRLS ina scoil nuair a iarrtar é sin (Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0056; 2011).
- Ní bheidh na daltaí nó na tuismitheoirí/caomhnóirí ná múinteoirí faoi mhíbhuntáiste ar bhealach ar bith trí gan an ceistneoir a chomhlánú, agus tá cead ag na freagróirí léim thar cheisteanna aonair nó éirí as na ceisteanna a fhreagairt ag am ar bith.
- Nuair a líonann rannpháirtí sa staidéar ceistneoir isteach agus, nuair a thugtar ar ais é, tugann sé nó sí cead sa chaoi sin na sonraí sa cheistneoir a bhailiú agus a phróiseáil.
- Ar feadh tréimhse suas le 4 seachtaine i ndiaidh riar na dtástálacha is féidir le rannpháirtí ar bith cead a tharraingt siar chun sonraí a phróiseáil agus ní gá aon chúis a lua.
- Is féidir le haon rannpháirtí ar mian leis nó léi a c(h)uid faisnéise a bhaint nó a leasú dul i dteagmháil leis An Foras Taighde ar Oideachas (ag 01 837 3789 nó [pirls.ireland@erc.ie](mailto:pirls.ireland@erc.ie)). Má tharraingíonn duine siar ón staidéar, ní bhaileofar aon sonraí breise faoin duine sin. Coinnítear roinnt faisnéise maidir le tarraingt siar agus eisiáimh chun an sampla a bhailíochtú agus chun bonn eolais a sholáthar do lucht riaracháin sa todhchaí (m.sh., féachaint an bhfuil seans níos mó ann go dtarraingeoidh buachaillí siar ó rannpháirtíocht sa staidéar). Ní féidir aon sonraí dá leithéid a cheangal siar le daoine aonair.
- Is féidir leat teagmháil a dhéanamh freisin le hOifigeach Cosanta Sonraí an FTO má tá aon cheist agat faoin tslí ina gcosnaítear faisnéis phearsanta ([data.protection@erc.ie](mailto:data.protection@erc.ie)).

### **Cén cineál sonraí a bhailítear?**

Bailítear agus stóráiltear sonraí ó fhreagraí ar na ceisteanna a iarrtar ar dhaltai atá rannpháirteach i PIRLS, agus ar a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Tá sé seo i bhfoirm uimhreacha a léiríonn roghnuithe (mar shampla, ceist ilroghnacha, nó roghnú tá/níl). Má dhéantar an suirbhé do thuismitheoirí/chaomhnóirí a chomhlánú ar líne seachas ar pháipéar, stóráiltear tuilleadh faisnéise logála isteach maidir leis an gcéad uair agus an uair dheireanach logála isteach, an líon uaireanta a chláraigh freagróir san iomlán, uimhir na ceiste reatha, agus cibé ar cuireadh an ceistneoir isteach nó nár cuireadh.

Ní féidir an fhaisnéis seo ann féin a úsáid, chun ainmneacha freagróirí aonair a aithint. Déantar, áfach, UA dalta a chlárú chun gach dalta ar leith a aithint. Is eol don chomhordaitheoir scoile agus do An Foras Taighde ar Oideachas an gaol idir an UA seo agus ainm an dalta, agus d'fhéadfadh an t-eolas sin a bheith ag fochonraitheoirí an FTO (m.sh. ár bpáirtneoirí ionchur sonraí). Ní roinntear é, áfach, leis an IEA nó le tríú páirtí ar bith eile.

### **Cén áit, conas agus cén fad a dhéantar sonraí ó PIRLS a stóráil?**

Stóráiltear sonraí PIRLS go slán i bhfoirm bréagaimnithe, is é sin: próiseáilte ar bhealach nach féidir na sonraí pearsanta a lua níos mó le haon ábhar sonraí gan eolas breise a úsáid. Ní féidir le daoine nó córais sheachtracha rochtain a fháil ar na sonraí seo. Thairis sin, tugadh faisnéis chuí d'aon fhostaithe FTO nó IEA a fhaigheann rochtain ar na sonraí le haghaidh próiseála ar cad is cóireáil inghlactha ar shonraí ann agus shínigh siad comhaontú rúndachta.

### **Stóráiltear na sonraí mar seo a leanas:**

Stóráiltear sonraí freagartha ar feadh tréimhse nach bhfuil luaithe ionas go mbeidh siad ar fáil don anailís. Ar deireadh eascraíonn bunachar sonraí ó na freagraí seo a ligeann do thaighdeoirí córais oideachais a chur i gcomparáid ar fud an domhain (féach Inrochtaineacht Phoiblí thíos).

### **Ag an FTO, stóráiltear na sonraí mar seo a leanas:**

Stóráiltear sonraí atá ceangailte le daltaí aonair go dtí go scaoilfear an bunachar sonraí idirnáisiúnta (Nollaig 2022 a bheidh i gceist, is dócha, do PIRLS). Ag an bpointe sin (nó níos

luaithe más féidir), bíonn na sonraí go léir gan ainm ionas nach mbeidh aon fhéidearthacht ann go ndéanfar rannpháirtí aonair a aithint.

### **Ag an IEA, déantar na sonraí a stóráil mar seo a leanas:**

Ní chuirtear ainmneacha rannpháirtithe riamh chuig an IEA. Níl aon teorainn leis an bhfad a stóráiltear sonraí (gan ainmneacha) na bhfreagraí chun go mbeidh siad ar fáil chun anailís a dhéanamh orthu. De thoradh na bhfreagraí seo, cruthaítear bunachar sonraí sa deireadh thiar a chuireann ar chumas taighdeoirí córais oideachais ar fud an domhain a chur i gcomparáid lena chéile (féach Inrochtaineacht Phoiblí thíos).

Déantar sonraí ó chestneoirí ar líne a stóráil ar dtús go lárnach ar sheirbheálaithe gréasán a sholáthraíonn Hetzner Online GmbH sa Ghearmáin, (ISO-27001 i gcomhlacht deimhnithe), agus ansin déantar sonraí a phróiseáil go lárnach san IEA i Hamburg na Gearmáine. Déantar na sonraí uile a stóráil gan ainmneacha - ní bhíonn orthu ach UA an dalta.

### **Cé leis agus conas a roinntear sonraí ó PIRLS?**

Mar chuid den phróiseáil tosaigh, roinneann an FTO roinnt sonraí ó PIRLS lena fhochoonraitheoirí (m.sh. chun sonraí ó cheistneoirí páipéir a ionchur). Tá Comhaontú Próiseáil Sonraí sínithe ag na fochonraitheoirí go léir leis an FTO.

Seoltar sonraí faoi na freagraí ó ionaid taighde náisiúnta chuig an IEA trí fhreastalaí slán FTP, agus ainmneacha bréige leo, is é sin le rá go bhfuil siad próiseáilte sa chaoi is nach féidir na sonraí pearsanta a chur i leith duine ar leith is ábhar do na sonraí gan úsáid a bhaint as faisnéis bhreise (coimeádann an FTOaon fhaisnéis bhreise den sórt sin ar leithligh agus faoi réir bearta teicniúla agus eagrúcháin lena chinntiú nach gcuirfear sonraí pearsanta i leith aon duine aitheanta nó inaitheanta).

Tá PIRLS á stiúradh ag an Lárionad Staidéir Idirnáisiúnta (ISC) atá lonnaithe i Boston College, SAM, agus is ann a dhéantar anailís idirnáisiúnta ar an gcuid is mó de na sonraí. Tá sonraí maidir leis na freagraí ag teastáil le haghaidh na hanailíse ach cuirtear iad chuig an ISC, trí fhreastalaí slán FTP agus ainmneacha bréige leo. Tá comhaontú rúndachta sínithe ag fostaithe ISC a bhfuil rochtain acu ar na sonraí chun anailísí a dhéanamh orthu. Cosnaítear aistriú na sonraí chuig na Stáit Aontaithe, mar thríú tír, trí bhearta cuí, oiriúnacha mar Chomhaontú sonracha um Próiseáil Sonraí agus Clásail Chonarthaigh Chaighdeánacha Eorpacha.

Déantar na sonraí a roinnt ar ais, arís ar fhreastalaí slán FTP, leis an FTO.

### **Sonraí gaolmhara**

Mar aon leis an Suirbhé Luathfhoghlama do thuismitheoirí/caomhnóirí agus an Ceistneoir Dalta, iarrtar freisin ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí ceistneoir a chomhlánú. Iarrtar ar thuismitheoirí nó ar chaomhnóirí dlíthiúla daltaí Bliain a Ceathair Suirbhé ar Luathfhoghlaim a chomhlánú freisin. Nasctar an t-eolas ó na foinsí sin leis an eolas ó dhaltaí agus ó thuismitheoirí/caomhnóirí sa bhunachar sonraí taighde idirnáisiúnta deiridh (IDB)

### **Inrochtaineacht Phoiblí**

Beidh an pobal in ann an bunachar sonraí taighde idirnáisiúnta deiridh a rochtain ó na suíomhanna seo a leanas: <https://www.iea.nl/data> (Hamburg na Gearmáine) <https://timssandpirls.bc.edu/index.html> (Bostún, Stáit Aontaithe Mheiriceá)

Tá na sonraí go léir ó Éire sa bhunachar sonraí gan ainm, agus ní féidir iad a cheangal le daoine aonair.

## **Cinnteoireacht agus próifiliú uathoibríthe**

Ní dhéantar aon chinnteoireacht uathoibríthe, lena n-áirítear próifiliú, dá dtagraítear in Airteagal 22 den GDPR.

## **Ceartha na nDaoine is ábhar do na Sonraí**

Tá Daoine is Ábhar do na Sonraí i dteideal na cearta a bheith acu atá leagtha amach in Airteagail 15-20 den RGCS.

Tá sé de cheart ag Daoine is Ábhar do na Sonraí gearán a dhéanamh le húdarás maoirseachta. Is é an t-údarás ábhartha in Éirinn:

AN COIMISIÚN UM CHOSAINN SONRAÍ

21 CEARNÓG MHC LIAM THEAS

BÁC 2

D02 RD28

ÉIRE

LÁITHREÁN GRÉASÁIN: [www.dataprotection.ie](http://www.dataprotection.ie)